2026/2340

23.10.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/2340 ÓN gCOIMISIÚN

an 22 Deireadh Fómhair 2026

maidir le neamh-fhormheas leathnú úsáid na substainte bunata *Urtica* spp., i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoir 79/117/CEE agus Treoir 91/414/CEE ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 23(5), i gcomhar le hAirteagal 13(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/419 ón gCoimisiún ([2]) formheasadh an tsubstaint bhunata *Urtica* spp. lena húsáid i gcosaint plandaí sna cásanna seo a leanas: leataí sprae mar fheithidicíd ar chrainn torthaí, piseánaigh agus olashíolta, prátaí, glasraí duilleogacha, ráib olashíl, glasraí fréimhe agus tiúbair, crainn caoire troime, rós, *Spiraea* sp.; leataí sprae mar acairicíd ar phónairí agus fíniúnacha; leataí sprae mar fhuingicíd ar *Brassicaceae*, guird, crainn torthaí, finiúnacha agus prátaí, agus leataí mar chumhdach ithreach a bhíonn i móta mar fhuingicíd sa pháirc agus cúcamar cosanta, trátaí páirce agus róis chosanta agus pháirce agus crainn ornáideacha.

(2) I gcomhréir le hAirteagal 23(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, fuair an Coimisiún iarratas ó Collot Agriculture an 26 Meán Fómhair 2019 maidir leis an tsubstaint bhunata *Urtica* spp. i gcosaint plandaí. Moladh san iarratas oideas nua a chur isteach chun an tsubstaint bhunata *Urtica* spp. a ullmhú le haghaidh roinnt úsáidí atá beartaithe di. San iarratas moladh úsáidí nua *Urtica* spp. freisin: mar fhuingicíd ar phónairí coiteanna chun *Sclerotinia sclerotiorum* a rialú, ar ghuird chun *Erysiphe cichoracearum* a rialú, ar shútha talún chun *Sphaerotheca macularis* f. sp. *Fragariae* a rialú, ar gach sailéad chun *Golovinomyces cichoracearum* a rialú, ar chairéid chun *Erysiphe heraclei* a rialú, agus ar phrátaí chun *Erysiphe cichoracearum* a rialú; mar fheithidicíd i gcairéid chun *Semiaphis dauci* agus *Psila rosae* a rialú, ar gach sailéad chun *Myzus persicae, Aphis gossypii, Macrosiphum euphorbiae, Nasonovia ribisnigri, Hyperomyzus lactucae* agus *Tetranychus urticae,* a rialú, ar shútha talún chun *Myzus persicae, Aphis gossypii, Macrosiphum euphorbiae, Nasonovia ribisnigri, Hyperomyzus lactucae* agus *Tetranychus urticae* a rialú, ar ornáidigh chun aifidí agus fíneoga a rialú, ar lusa súgacha chun *Crioceris asparagi* a rialú agus ar phrátaí chun *Aphis nasturtii, Myzus persicae, Macrosiphum euphorbiae* agus *Aulacorthum solani* a rialú; agus mar spreagthóir cosanta plandaí i lusa súgacha.

(3) D'iarr an Coimisiún ar an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') cúnamh eolaíoch a chur ar fáil dó. Chuir an tÚdarás Tuarascáil Theicniúil maidir leis an tsubstaint lena mbaineann faoi bhráid an Choimisiúin an 23 Márta 2021 ([3]). Chuir an Coimisiún an tuarascáil maidir le hathbhreithniú agus dréacht den Rialachán seo faoi bhráid an Bhuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha.

([1]) IO L 309, 24.11.2009, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2009/1107/oj.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/419 ón gCoimisiún an 9 Márta 2017 lena bhformheastar an tsubstaint bhunata *Urtica* spp. i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh, agus lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún (IO L 64, 10.3.2017, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2017/419/oj).

([3]) EFSA (An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia), 2021. Tuarascáil theicniúil i ndáil le toradh an chomhairliúcháin leis na Ballstáit agus le EFSA maidir leis an iarratas ar fhormheas i leith substaintí bunata *Urtica* spp. i dtaca le leathnú a úsáide i gcosaint plandaí mar fhuingicíd ar phónairí coiteanna, guird, súthta talún, gach sailéad, cairéid agus prátaí, mar fheithidicíd i gcairéid, gach sailéad, súthta talún, ornáidigh, lusa súgacha agus prátaí, chomh maith le láidritheoir plandaí i lusa súgacha. Foilseachán tacaíochta EFSA 2021:EN-6551. 59 lch. doi:10.2903/sp.efsa.2021.EN-6551.

(4) Ar bhonn na Tuarascála Teicniúla ón Údarás ó 2021, na mbarúlacha ó na Ballstáit, na bhfreagairtí ón Údarás ar na barúlacha ó na Ballstáit agus faisnéis bhreise a sholáthair an t-iarratasóir chun aghaidh a thabhairt ar na pointí oscailte a sainaithníodh sa Tuarascáil Theicniúil ón Údarás, ní chomhlíonann an t-oideas nua atá beartaithe le haghaidh na substainte bunata *Urtica* spp. critéir Airteagal 23 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009. Foráiltear leis an oideas sin go ndéantar an chuid shofheicthe den neantóg a mhaothú in uisce agus go gcuirtear giosta (*Saccharomyces cerevisiae*) leis chun an coipeadh a éascú. De réir mar a thug an tÚdarás dá aire, is substaint ghníomhach fhormheasta é tréithchineál LAS02 de *Saccharomyces cerevisiae* de bhun Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/952 ón gCoimisiún ([4]). Ós rud é go gcuirtear substaint ghníomhach nach substaint bhunata í leis an oideas nua seo, ba cheart a mheas gur táirge cosanta plandaí é an táirge a fhaightear ón oideas nua atá beartaithe, agus, dá bhrí sin, ní thagann sé faoi raon feidhme Airteagal 23 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009.

(5) Ina theannta sin, leis an bhfaisnéis atá ar fáil ní féidir teacht ar an gconclúid go gcomhlíonann an t-oideas nua *Urtica* spp. atá beartaithe lena úsáid i gcosaint plandaí mar fhuingicíd na coinníollacha a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 a mhéid a bhaineann leis na critéir formheasa le haghaidh substaintí bunata, go háirithe maidir leis an gceanglas nach mbeidh éifeacht láithreach ná mhoillithe ag an tsubstaint ar shláinte an duine nó ar shláinte ainmhithe ná nach mbeidh éifeacht dho-ghlactha aici ar an gcomhshaol. Níor cuireadh faisnéis leordhóthanach ar fáil chun an measúnú ar an riosca d'oibreoirí, d'oibrithe, do chónaitheoirí agus do dhaoine atá ar an láthair a thabhairt chun críche, mar aon leis an riosca do thomhaltóirí agus d'orgánaigh nach spriocorgánaigh iad.

(6) Thairis sin, tháinig an tÚdarás ar an gconclúid nach leor an fhaisnéis a soláthraíodh chun tacú le héifeachtúlacht úsáid *Urtica* spp. mar láidritheoir plandaí a mhéid a thagann sí faoi raon feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, i.e. mar spreagthóir cosanta plandaí.

(7) Dá bhrí sin, is iomchuí gan an t-oideas nua atá beartaithe agus leathnú na n-úsáidí a chur le coinníollacha úsáide *Urtica* spp.

(8) Tar éis Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/419 a theacht i bhfeidhm, chomhaontaigh an Eagraíocht Eorpach agus Meánmhara um Chosaint Plandaí (EPPO) ([5]) Caighdeán PP 1/248 'Córas comhchuibhithe chun úsáidí táirgí cosanta plandaí a aicmiú agus a chódú'. Is é is aidhm do Chaighdeán EPPO PP 1/248 córas comhchuibhithe a sholáthar chun úsáidí táirgí cosanta plandaí a aicmiú agus a chódú chun tréithriú comhsheasmhach a cheadú ionas gur féidir na húsáidí sin a thuiscint, a chur i gcomparáid le chéile agus a mheasúnú go soiléir ar fud tíortha éagsúla. Ar mhaithe le soiléireacht, is iomchuí Foscríbhinn II den Tuarascáil Athbhreithnithe a leasú chun *Urtica* spp. a fhormheas mar shubstaint bhunata i gcomhréir le Caighdeán PP 1/248. Dá réir sin, ba cheart a shainaithint le cóid OIPE liosta na n-úsáidí a bhfuil na sonraí atá ar fáil mar thaca leo.

(9) I bhFoscríbhinn II den Tuarascáil Athbhreithnithe maidir le formheas *Urtica* spp. mar shubstaint bhunata, liostaítear tiúchán ineasraithe mar an t-aon chineál foirmlithe amháin. Fágadh tiúchán fuaidreáin mar chineál foirmlithe ar lár gan chuimhneamh ón bhformheas bunaidh mar gheall ar dhearmad riaracháin. Is iomchuí an earráid sin a cheartú trí thiúchán fuaidreáin a aithint mar chineál foirmlithe tacaithe.

(10) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Neamh-fhormheas leathnú úsáid na substainte bunata

Ní fhormheastar leathnú úsáid na substainte bunata *Urtica* spp.

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/952 ón gCoimisiún an 15 Meitheamh 2016 lena bhformheastar an tsubstaint ghníomhach ísealriosca tréithchineál LAS02 de *Saccharomyces cerevisiae* i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh, agus lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún (IO L 159, 16.6.2016, lgh.10–13, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2016/952/oj).

([5]) https://www.eppo.int/media/uploaded_images/ACTIVITIES/plant_protect_products/pp1-248-3-e.pdf.

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 22 Deireadh Fómhair 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN